C/2024/1928

8.3.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhormheas, ar leasú é ar shonraíocht táirge atá ann le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/1928)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'Ventoux'

PDO-FR-A0399-AM01

Dáta na teachtaireachta: 8 Nollaig 2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla

I gCaibidil I den tsonraíocht, leasaíodh roinn IV 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla' chun liosta na mbardas a chomhdhéanann an limistéar geografach agus an limistéar díreach in aice láimhe a thabhairt cothrom le dáta:

— I bpointe 1 'Limistéar geografach' agus i bpointe 3 'Limistéar díreach in aice láimhe', tugadh liosta na mbardas i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil Eanáir 2023.

Leis an leasú sin, ligtear don limistéar geografach a bheith aitheanta le tagairt do leagan 2023 den Chód Geografach Oifigiúil, a choinníonn an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) cothrom le dáta agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar geografach.

— De thoradh an limistéar dáileachta críochaithe a athbhreithniú, cuireadh dhá bhardas i roinn Vaucluse (Isle sur la Sorgue agus Velleron) leis an limistéar geografach agus baineadh iad ó limistéar díreach in aice láimhe i bpointe 1 'Limistéar geografach' agus pointe 3 'Limistéar díreach in aice láimhe'. Tá na bardais sin in aice leis an limistéar geografach agus tá na critéir tháirgeachta chéanna acu chun fíon ATFC Ventoux a tháirgeadh.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoi na ceannteidil 'Limistéar geografach' agus 'Limistéar díreach in aice láimhe'.

2. Limistéar dáileachta críochaithe

I gCaibidil I den tsonraíocht, Roinn IV 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla', cuireadh na dátaí ar ar fhormheas an t-údarás náisiúnta ábhartha críochú dáileachta ATFC le pointe 2 'Limistéar dáileachta críochaithe'.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

3. Cineálacha fíniúna

I gCaibidil I, roinn V, pointe 1 den tsonraíocht – Cineálacha fíniúna, leasaíodh an liosta de chineálacha mar a leanas:

— Maidir leis na fíonta geala: bogadh na cineálacha Vermentino B agus Viognier B ó liosta na gcineálacha tánaisteacha chuig liosta na bpríomhchineálacha.

Tugann plandú na gcineálacha fíonchaor sin san fhíonghort breisluach agus comhlánaíonn sé na cumaisc. Le Vermentino B táirgtear fíonta cothromaithe, tathagacha ag a bhfuil saibhreas aramatach agus le Viognier B táirgtear fíonta maothlacha, níos aramataí nuair a chumasctar iad. Leis na cineálacha sin cumasaítear cothromaíocht agus úire shainiúil na bhfíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán atá le coinneáil ar bun.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

— Maidir leis na fíonta dearga agus rosé:

— cuireadh cineál Caladoc N leis an liosta cineálacha tánaisteacha ag ráta 5 % de na cineálacha a fhástar agus 10 % i gcumaisc. D'fhéadfadh sé nach mbeadh ainm an chineáil sin le feiceáil ar lipéadú na bhfíonta ar a bhfuil an t-ainmniúchán.

Tá áireamh an chineáil sin ar cheann de na réitigh a cuireadh i bhfeidhm chun cuidiú leis an ainmniúchán aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an athraithe aeráide. Comhlíonann an cineál sin, a tugadh isteach mar chineál tánaisteach, próifíl na bhfíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán agus fágann sé gur féidir oiriúnú do thriomach.

Rinneadh an doiciméad aonair a fhorlíonadh faoin gceannteideal 'cineálacha fíonchaoire'.

Sonraítear cion na gcineálacha difriúla fíonchaor sna cineálacha a plandáladh i roinn V, pointe 2 den tsonraíocht – Rialacha maidir leis na codanna arna saothrú – Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Sonraítear cion na gcineálacha fíonchaora úsáidtear sna cumaisc i roinn IX, pointe 1 den tsonraíocht – Meascáin de chineálacha fíonchaoire – Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

4. **Modh bainistíochta**

I gCaibidil I, roinn VI, (b) den tsonraíocht, leasaíodh na rialacha prúnála ionas gur féidir prúnáil Guyot aonair a úsáid leis na cineálacha uile den ainmniúchán. Tá sé féideartha leis an leasú sin an t-athrú aeráide a chomhrac, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí go ndéanfadh sioc difear do na fíonghoirt, atá ag éirí níos rialta.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoin gceannteideal 'Cleachtais maidir le fíonóireacht'.

5. **Bearta idirthréimhseacha maidir le cineálacha fíniúna**

I gCaibidil I, roinn XI, pointe 1 den tsonraíocht, scriosadh an beart idirthréimhseach a bhaineann leis na rialacha maidir le cineálacha áirithe a phlandáil suas go dtí buaint 2014 mar go bhfuil sé imithe as feidhm.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

6. **Lipéadú**

I gCaibidil I, roinn XII, pointe 2 den tsonraíocht – Cineálacha fíniúna, leasaíodh an liosta de chineálacha mar a leanas:

— Féadfar an t-aonad geografach níos mó 'Vignobles de la Vallée du Rhône' a shonrú ar lipéid na bhfíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe, i gcomhréir leis na coinníollacha a shonraítear sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí caomhnaithe agus bainistíochta éagsúla lena mbaineann. Ní mór go mbeadh an fhaisnéis sin le feiceáil sa réimse amhairc chéanna leis na sonraí éigeantacha uile agus ní mór í a phriontáil i gcarachtair den chineál agus dath cló céanna leis an ainmniúchán, ar choinníoll nach bhfuil sé níos mór ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

— Ní féidir cineál Caladoc, a bhfuil leas aige cabhrú le hoiriúnú don athrú aeráide, a luadh ar an lipéadú.

Tugadh na rialacha lipéadaithe sin anonn go dtí an roinn 'Coinníollacha breise' den doiciméad aonair.

7. **Tagairt don chomhlacht cigireachta**

Simplíodh Caibidil III, roinn II den tsonraíocht maidir leis an gcomhlacht cigireachta chun a shonrú gur gá seiceálacha i ndáil le comhlíontacht leis an tsonraíocht táirge a dhéanamh ar bhonn plean rialaithe formheasta agus trí chomhlacht tríú páirtí a thugann ráthaíochtaí maidir le hinniúlacht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas tarmligthe INAO, an t-údarás cigireachta.

Ní dhéanann an ghné bhreise sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(ainmnneacha)**

Ventoux

2. **An cineál táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

—

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Forchoimeádtar ainmniúchán tionscnaimh 'Ventoux' le haghaidh fíonta socra atá geal, dearg agus rosé.

Tá an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte a leanas ag na fíonta:

— 11,5 % maidir leis na fíonta dearga agus rosé;

— 12 % maidir leis na fíonta dearga.

Maidir leis na fíonta dearga, cé is moite d'fhíonta is incháilithe chun an téarma 'primeur' nó 'nouveau' a bheith orthu, tá an cion aigéid mhalaigh níos lú ná 0,4 gram in aghaidh an lítir ag an gcéim buidéalaithe.

DATH NA bhFÍONTA, tásc breise

—

MÉID SIÚCRA CHOIPTHIGH agus an chéim lena mbaineann an luach

(glúcós agus fruchtós)

(gram in aghaidh an lítir)

CION AIGÉADACHTA SO-GHALAITHE agus an chéim lena mbaineann an luach

(ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

Fíonta atá incháilithe maidir leis an téarma 'primeur' nó 'nouveau' a bheith orthu

Níos lú ná nó cothrom le 10,2

(baisc neamhbhuidéalaithe)

Fíonta dearga atá incháilithe maidir leis an téarma 'primeur' nó 'nouveau' a bheith orthu

Níos lú ná 2

(baisc buidéalaithe)

Fíonta geala agus rosé

Níos lú ná 4 nó cothrom leis

(ag an gcéim buidéalaithe)

Fíonta dearga (ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha de réir toirte níos lú ná 14 % nó cothrom leis)

Níos lú ná 3 nó cothrom leis

(ag an gcéim buidéalaithe)

Fíonta dearga (ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha de réir toirte níos mó ná 14 %)

Níos lú ná 4 nó cothrom leis

(ag an gcéim buidéalaithe)

Ní fhéadfaidh an neart alcóil foriomlán de réir toirte tar éis an tsaibhrithe a bheith níos mó ná 13 % le haghaidh na bhfíonta geala agus rosé agus 13,5 % le haghaidh na bhfíonta dearga.

Maidir leis na méideanna d'aigéadacht iomlán, aigéadacht so-ghalaithe agus méid iomlán dé-ocsaíde sulfair, is iad siúd na méideanna a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

Tairbhíonn na fíonta dearga ag a bhfuil forlámhas ar tháirgeadh, a dhéantar ó chineálacha fíonchaoire traidisiúnta ó mhór-réigiún Rhône, go hiomlán de na cineálacha ithreacha atá sa limistéar geografach: saibhir, cothromaithe agus oiriúnach don aosú áit a bhfástar na fíonchaora ar ithreacha créúla, aolchlocha, tá siad níos aramataí agus flaithiúil i gcás ina bhfástar ar ithreacha iad atá gainmheach agus gaineamhchloch buí. Múnlaíonn na saintréithe uile sin le chéile aitheantas na bhfíonta.

Cothromaíocht aramatach úr, maille le déine shoiléir, aramatach, fhadmharthanach, sin iad saintréithe na bhfíonta rosé.

Déantar na fíonta geala, nach bhfuil ach beagán díobh sa réigiún faoi láthair, freisin as na cineálacha fíonchaor áitiúla traidisiúnta agus arb iad castacht aramatach agus a struchtúr na saintréithe iontu, a chiallaíonn gur féidir iad a ól go hóg.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. An modh saothraithe

— Dlús:

— Ní mór nach mó an t-achar atá ar fáil le haghaidh gach fíniúin ná 2,50 m^2, arna ríomh tríd an achar idir línte agus an spás idir plandaí in aon ró amháin a iolrú.

— Ní mór nach mó ná 2,50 m í an spásáil idir na línte fíniúnacha.

— Bíonn an spásáil idir plandaí sa líne chéanna idir 0,80 agus 1,50 méadar.

— Rialacha prúnála:

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil:

— trí bhíthin prúnáil mheasctha (modh cuachphrúnála nó cordon) le sé spor ar mhéad in aghaidh na fíniúna agus dhá bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an spoir;

— trí mhodh Guyot aonair á úsáid, agus cána ar a mbíonn ocht mbachlóg ar a mhéad agus spor athsholáthair amháin nó dhá spor ar a mbíonn dhá bhachlóg ar a mhéad;

— nó, i gcás chineálacha Syrah N agus Viognier B, trí mhodh Guyot dúbailte á úsáid agus cána ar a mbíonn sé bhachlóg ar a mhéad agus spor amháin nó dhá spor ar a mbíonn dhá bhachlóg ar a mhéad.

— Féadfar uisciú a údarú.

2. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

— Ceadaítear teicnící laghdúcháin chun fíon a shaibhriú i gcás fíonta dearga suas le ráta tiúchana 10 %;

— Chun na fíonta rosé a tháirgeadh, ceadaítear do dhéantóirí fíona gualach fíonóireachta a úsáid go heisiach ar úrfhíonta ón bhfáisceán, gan 20 % ar a mhéad iomlán den toirt as a ndéanann an déantóir fíona áirithe sin fíon don bhuaint sin a shárú;

— Leis na cleachtais fíonóireachta a ndéantar dá réir, ní mór rialacha an Aontais agus an Chóid Tuaithe agus Iascaireachta Muirí a chomhlíonadh, mar aon leis na forálacha thuas.

5.2. *Uastáirgeacht*

66 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a tháirgeadh agus a aibiú sna bardais a leanas de roinn Vaucluse, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2023:

Apt, Aubignan, Le Barroux, Le Beaucet, Beaumettes, Beaumont-du-Ventoux, Bédoin, Blauvac, Bonnieux, Cabrières-d'Avignon, Caromb, Carpentras, Caseneuve, Crestet, Crillon-le-Brave, Entrechaux, Flassan, Fontaine-de-Vaucluse, Gargas, Gignac, Gordes, Goult, L'Isle-sur-la-Sorgue, Joucas, Lagnes, Lioux, Loriol-du-Comtat, Malaucène, Malemort-du-Comtat, Maubec, Mazan, Méthamis, Modène, Mormoiron, Murs, Pernes-les-Fontaines, Robion, La Roque-sur-Pernes, Roussillon, Rustrel, Saignon, Saumane, Saint-Didier, Saint-Hippolyte-le-Graveyron, Saint-Martin-de-Castillon, Saint-Pantaléon, Saint-Pierre-de-Vassols, Saint-Saturnin-lès-Apt, Velleron, Venasque, Viens, Villars agus Villes-sur-Auzon.

7. **Cineál(acha) fíonchaoire**

Bourboulenc B – Doucillon blanc

Caladoc N

Carignan N

Cinsaut N – Cinsault

Clairette B

Counoise N

Grenache N

Grenache blanc B

Marsanne B

Marselan N

Mourvèdre N – Monastrell

Piquepoul noir N

Roussanne B

Syrah N – Shiraz

Vermentino B – Rolle

Viognier B

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Suite laistigh d'fhíonghoirt ghleann Rhône, síneann an limistéar geografach chuig oirthear Rhône, ó imeall Vaison-la-Romaine agus abhainn Ouvèze ó thuaidh chuig Apt agus gleann Coulon sa deisceart.

Cuimsíonn an limistéar Dentelles de Montmirail suas chuig fánaí tuaiscirt Luberon Massif agus áirítear ann Sléibhte Vaucluse chomh fada le bun 'Fathach Provence' – Mont Ventoux – atá i gceannas ar an tírdhreach ina iomláine ag airde 1 912 méadar. Cumhdaítear 51 bhardas i roinn Vaucluse.

Mar gheall ar gheomoirfeolaíocht an limistéir gheografaigh, de bharr fhoirmiú sléibhte na bPiréiní, tá rilíf chnocach ar fhostratam aolchloiche. Tugann an fhoirmíocht aolchloiche Urgonian thiubh, chrua (a théann siad go dtí an Tréimhse Luathchailceach) cnámh droma na gcnocán sin, ar cruthaíodh a struchtúr reatha le linn fhoirmiú na nAlp i rith na ré Méicéineach Láir.

Chruthaigh sé sin ithreacha dearga Meánmhara, ithreacha aolchloiche tura tearcfhorbartha, ithreacha arna gcruthú trí chreimeadh snaíochair agus láiste agus ithreacha clochacha. Tá na hithreacha seo go léir réasúnta clochach, a bhuíochas don scileach aolchloiche ó na sléibhte.

Is dócha gur coitianta na hithreacha le huigeacht ghainmheach éadrom, ar mhórán gairbhéal ó na 'safres' (an téarma Comtat-Venaissin a shainíonn foirmíocht ghaineamhchloiche ghainmheach, mharla na ré Méicéineach). Tá tionchar suntasach ag gaineamh agus gaineamhchloch bhuí na tréimhse Cailcí atá mar shaintréithe ag cuid dheiscirt an limistéir gheografaigh (Roussillon Ochres).

Tá aeráid Mheánmhara ag an limistéar geografach atá mar chuid den aistriú chuig réigiúin níos fuaire na nAlp. Tá sé freisin ar cheann de na limistéir is grianmhaire sa roinn (2 800 uair an chloig gréine in aghaidh na bliana in Carpentras). Is 700 mm an meánmhéid bliantúil báistí, a thiteann go príomha san fhómhar, agus nach dtiteann mórán di sa samhradh, nuair atá na fíonchaora ag aibiú. Thairis sin, ag deireadh an tsamhraidh, bíonn an raon teochta laethúil níos mó ná sa chuid eile den roinn, le hoícheanta níos fuaire.

Cé go séideann Mistral anseo, ciúnaíonn an bhacainn aeráide a fhoirmíonn slabhra Montmirail Dentelles agus bunchnoic Mont Ventoux (an *Mont de tous les vents* [an sliabh a ionsaíonn na gaotha uile/an sliabh ghaofar]) go suntasach na séideáin mhóra agus an fuacht. Tá a thairbhí, go príomha an t-aer úr a thugann sé leis, ann go fóill.

Sa limistéar idirthréimhseach seo, ar na 'sléibhte tuaithe' seo a raibh an-chion ag Jean Giono orthu, tá fíonghoirt fós bainteach le bláthshaothrú an deiscirt ag foirmiú meascán de bharra le húlloird silíní agus aibreog agus garráin ológ.

Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha maidir leis an nasc geografach

Is iad ceardlann potaireachta agus fíonlann, atá ann ó 30 BC, na chéad rianta den fhíonsaothrú, a nascadh, mar is amhlaidh sa réigiún seo ina iomláine, le láithreacht na nGréagach agus na Rómhánach.

Fásadh fíniúnacha ar fhánaí Mont Ventoux go leanúnach ó na cianaoiseanna. Tá radharc ón sliabh seo, an sliabh is airde agus is mórthaibhsí i masaíf aolchloiche Vaucluse (ar a dtugtar 'Fathach Provence'), agus déanann sé difear do na fíonghoirt seo, a bhfuil a ainm orthu riamh. Is féidir teacht ar fhianaise scríofa de seo chomh luath leis an 9ú céad.

Thairbhigh fíonta 'Ventoux' go nádúrtha ó láithreacht an phápa in Avignon agus riaradh iad ar bhord an Phápa ó 1309 go 1414. Léirítear i gcláir talún na mbardas i réigiún Comtat-Venaissin a tarraingíodh suas idir 1414 agus 1417 méid na bhfíonghort ag an am sin.

Ón 16ú go dtí an 18ú céad, d'fhoilsigh consail Pernes forógraí ag cur deireadh le 'bans de vendange' [cosc ar na fíonchaora a bhuain], a chruthaigh go raibh táirgeadh fíonta ar ardchaighdeán ina ábhar spéise do na húdaráis áitiúla cheana féin.

Léirítear ar na cláir nótaire, lena dtaifid ar mhéiteagáistí, go raibh roinnt cineálacha atá ann faoi láthair á saothrú ón 15ú céad ar aghaidh, amhail Piquepoul noir N, Bourboulenc B agus Clairette B. In 1876, luann J.A. Barral go sonrach na cineálacha a leanas ina thuarascáil maidir le huisciú: Piquepoul noir N, Grenache N agus Syrah N d'fhíonta dearga, agus Clairette B agus Bourboulenc B d'fhíonta geala.

Cuireadh tús leis an bpróiseas chun cáilíocht na bhfíonta a aithint go hoifigiúil an 29 Iúil 1939 nuair a cruthaíodh *Syndicat des Viticulteurs* [aontas na dtáirgeoirí fíona] le haghaidh tháirgeoirí fhíon 'Côtes du Ventoux et des Monts de Vaucluse'. In 1951, dá thoradh sin, sainaithníodh na fíonta mar fhíonta críochaithe ainmniúchán tionscnaimh sa

chatagóir ‘vin délimité de qualité supérieure’ (ainmniúchán tionscnaimh ardchaighdeáin), agus ansin, in 1973, mar ainmniúchán tionscnaimh cláraithe ‘Côtes du Ventoux’ faoi fhoraithne an 27 Iúil 1973. Ar mhaithe le simpliú agus chun an t-ainm geografach a chur i dtábhacht, tugadh ‘Ventoux’ mar ainm ar an ainmniúchán tionscnaimh cláraithe faoi fhoraithne an 17 Deireadh Fómhair 2009.

In 2009, táirgeadh 271 000 heictilítir d’fhíonta dearga go príomha (66 %) agus rosé (30 %) sa dara hainmniúchán tionscnaimh cláraithe i nGleann Rhône de réir toirte – 6 374 heicteár.

Tháirg 142 fhíonlann phríobháideacha agus 14 fhíonlann chomhoibritheacha an fíon. Fíonta socra, tirime atá sna fíonta le hainmniúchán tionscnaimh cláraithe ‘Ventoux’ agus tá fíonta dearga, rosé agus geala iontu.

Is ionann an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte i gcás na bhfíonta dearga agus 12 %, agus is ionann agus 11,5 % é i gcás na bhfíonta *rosé*. Is féidir iad a lipéadú leis an téarma ‘primeur’ nó ‘nouveau’.

Na fíonta dearga ag a bhfuil forlámhas ar tháirgeadh, a dhéantar ó chineálacha fíonchaoire traidisiúnta ó mhór-réigiún Rhône, baineann siad an tairbhe uasta ó na cineálacha ithreacha atá sa limistéar geografach. Saibhir, cothromaithe agus oiriúnach don aosú áit a bhfástar na fíonchaora ar ithreacha créúla, aolchloiche, agus níos aramataí agus flaithiúil i gcás ina bhfástar ar ithreacha iad atá gainmheach agus gaineamhchloch buí. Múnlaíonn na saintréithe uile seo le chéile aitheantas na bhfíonta.

Cothromaíocht aramatach úr, maille le déine aramatach, fhadmharthanach, sin iad saintréithe na bhfíonta rosé.

Déantar na fíonta geala, nach bhfuil ach beagán díobh sa réigiún faoi láthair, freisin as na cineálacha fíonchaor áitiúla traidisiúnta agus arb iad castacht aramatach agus a struchtúr na saintréithe iontu, a chiallaíonn gur féidir iad a ól go hóg.

Tá tionchar na sléibhte (Dentelles de Montmirail, Mont Ventoux agus Mont du Vaucluse), atá níos mó ná sa chuid eile den roinn, lárnach chun aitheantas an limistéir gheografaigh a chinneadh agus mar gheall ar an difear is féidir leis a dhéanamh ar shaintréithe saothraithe agus, go deimhin, ar na fíonta a tháirgtear.

Déanann na sléibhte sin tionchar na gaoithe atá i réim, an Mistral, a fhaghairt, gan í a atreorú go hiomlán, teorannaíonn siad a séideáin mhóra an tráth céanna a a fhágann gur féidir leis na fíniúnacha tairbhiú dá héifeacht triomaithe, atá chomh tábhachtach chun iad a chosaint go nádúrtha ar ionsaithe cripteagramacha.

Áirithíonn láithreacht na sléibhte, go háirithe Mont Ventoux maorga, freisin aershreabhadh níos fuaire, go háirithe san oíche. Tríd an bhfuarú coibhneasta seo, atá soiléir le linn an tsamhraidh nuair a dhéanann sé codarsnacht leis na teochtaí le linn an lae a bhíonn an-ard, cuirtear chun cinn sintéis antóiciaininí agus caomhnú aigéadacht na bhfíonchaor. Rannchuidíonn sé dá réir sin le galántacht dea-bholaithe agus datha na bhfíonta dearg.

Cuirtear an pictiúr i gcrích, go deimhin, leis an aeráid Mheánmhara ina bhfuil flúirse gréine, a chumasaíonn fíonchaora a tháirgeadh a aibeoidh go héasca agus a bhainfidh amach dian-chomhdhlúthú ar ithreacha cailcreacha agus clochacha an réigiúin.

Mar gheall ar na tosca comhshaoil sin, mar aon leis an saineolas a d’fhorbair na táirgeoirí áitiúla le himeacht ama, tá sé éasca fíonta ainmniúchán tionscnaimh cláraithe ‘Ventoux’ a idirdhealú ó fhíonta eile Ghleann Rhône.

Chomh maith le haithint an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ‘Muscat du Ventoux’, léirítear saineolas físonsaothraithe freisin le láithreacht roinnt mhaith saothróirí plandlann-táirgeoirí fíona sa limistéar sin agus tá margadh breise ann d’fhíonta beangaithe lonnaithe in Carpentras.

Baineann cleachtais áitiúla – go háirithe teicnící saothraithe – go dlúth leis an timpeallacht áirithe sin agus chuir sé ar a chumas do UNESCO Mont Ventoux a aicmiú mar Anaclann Bhithsféir in 1990. Aithnítear sa lipéad idirnáisiúnta seo bithéagsúlacht eisceachtúil agus saibhreas cultúrtha agus stairiúil, chomh maith le cleachtais áitiúla a léiríonn meas ar an oidhreacht sin. Is é is aidhm don anaclann cosaint acmhainní nádúrtha, tírdhreacha agus éiceachórais a mheascadh agus forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áitiúla a éascú.

Tá cáil le fada an lá ar fhíonta ‘Ventoux’. Onnmhairíodh iad níos faide ná teorainneacha na Fraince ón dara leath den 19ú céad. Mar shampla, bhronn an British Institute of Universal Genius bonn óir agus ‘coróin giniais’ ar Nicolas Sautel as a fhíon sármhaith an 4 Iúil 1860 i Londain.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (buidéalú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le táirgeadh agus forbairt fíonta, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2023:

— Roinn Alpes-de-Haute-Provence: Aubenas-les-Alpes, Banon, Céreste, L'Hospitalet, Montjustin, Montsalier, Oppedette, Redortiers, Reillanne, Revest-des-Brousses, Revest-du-Bion, La Rochegiron, Sainte-Croix-à-Lauze, Saumane, Simiane-la-Rotonde, Vachères agus Villemus;

— Roinn Bouches-du-Rhône: Alleins, Aureille, Barbentane, Cabannes, Châteaurenard, Eygalières, Eyguières, Eyragues, Graveson, Lamanon, Mallemort, Mollégès, Mouriès, Noves, Orgon, Plan-d'Orgon, Rognonas, Saint-Andiol, Sénas, Vernègues agus Verquières;

— Roinn Drôme: Arpavon, Aubres, Aulan, Ballons, Barret-de-Lioure, La Baume-de-Transit, Beauvoisin, Bellecombe-Tarendol, Bénivay-Ollon, Bésignan, Bouchet, Buis-les-Baronnies, Châteauneuf-de-Bordette, Chaudebonne, Clansayes, Condorcet, Curnier, Eygalayes, Eygaliers, Eyroles, Ferrassières, Izon-la-Bruisse, Laborel, Lachau, Mérindol-les-Oliviers, Mévouillon, Mirabel-aux-Baronnies, Mollans-sur-Ouvèze, Montauban-sur-l'Ouvèze, Montaulieu, Montbrun-les-Bains, Montfroc, Montguers, Montségur-sur-Lauzon, Nyons, La Penne-sur-l'Ouvèze, Piégon, Pierrelongue, Les Pilles, Plaisians, Le Poët-en-Percip, Propiac, Reilhanette, Rioms, Rochebrune, Rochegude, La Roche-sur-le-Buis, La Rochette-du-Buis, Saint-Auban-sur-l'Ouvèze, Sainte-Euphémie-sur-Ouvèze, Sainte-Jalle, Saint-Ferréol-Trente-Pas, Saint-Maurice-sur-Eygues, Saint-Paul-Trois-Châteaux, Saint-Restitut, Saint-Sauveur-Gouvernet, Sèderon, Solérieux, Suze-la-Rousse, Tulette, Valouse, Venterol, Vercoiran, Vers-sur-Méouge, Villebois-les-Pins, Villefranche-le-Château agus Vinsobres;

— Roinn Vaucluse: Althen-des-Paluds, Ansouis, Aurel, Auribeau, Avignon, La Bastide-des-Jourdans, La Bastidonne, Beaumes-de-Venise, Beaumont-de-Pertuis, Bédarrides, Bollène, Brantes, Buisson, Buoux, Cabrières-d'Aigues, Cadenet, Cairanne, Camaret-sur-Aigues, Castellet-en-Luberon, Caumont-sur-Durance, Cavaillon, Châteauneuf-de-Gadagne, Châteauneuf-du-Pape, Cheval-Blanc, Courthézon, Cucuron, Entraigues-sur-la-Sorgue, Faucon, Gigondas, Grambois, Jonquerettes, Jonquières, Lacoste, Lafare, Lagarde-d'Apt, Lagarde-Paréol, Lamotte-du-Rhône, Lapalud, Lauris, Lourmarin, Ménerbes, Mérindol, Mirabeau, Mondragon, Monieux, Monteux, Morières-les-Avignon, Mornas, La Motte-d'Aigues, Oppède, Orange, Pertuis, Peypin-d'Aigues, Puget, Puyméras, Puyvert, Rasteau, Roaix, La Roque-Alric, Sablet, Saint-Christol, Sainte-Cécile-les-Vignes, Saint-Léger-du-Ventoux, Saint-Marcellin-lès-Vaison, Saint-Martin-de-la-Brasque, Saint-Romain-en-Viennois, Saint-Roman-de-Malegarde, Saint-Saturnin-lès-Avignon, Saint-Trinit, Sannes, Sarrians, Sault, Savoillan, Séguret, Sérignan-du-Comtat, Sivergues, Sorgues, Suzette, Taillades, Le Thor, La Tour-d'Aigues, Travaillan, Uchaux, Vacqueyras, Vaison-la-Romaine, Vaugines, Vedène, Villedieu, Villelaure, Violès agus Vitrolles-en-Luberon.

Lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Na téarmaí roghnacha uile, a bhféadfaidh na Ballstáit a n-úsáid a rialáil, faoi rialacha an Aontais, ní mór iad a priontáil ar na lipéid i litreacha nach mó, ar airde, ar leithead agus ar thiús, ná dhá oiread mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe.

Is féidir an téarma 'primeur' nó 'nouveau' a chur le hainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe. Ní mór do na fíonta atá incháilithe maidir leis an téarma '*primeur*' nó '*nouveau*' a bheith orthu bliain an fhíona a lua.

Féadfaidh ainm aonaid gheografaigh níos lú a bheith léirithe ar lipéid fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

— ainm áite is ea é atá liostaithe i gclárlann na talún; agus

— bíonn an t-aonad geografach le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Féadfar an t-aonad geografach níos mó 'Vignobles de la Vallée du Rhône' a shonrú ar lipéid na bhfíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe, i gcomhréir leis na coinníollacha a shonraítear sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí caomhnaithe agus bainistíochta éagsúla lena mbaineann. Ní mór go mbeadh an fhaisnéis sin le feiceáil sa réimse amhairc chéanna leis na sonraí éigeantacha uile agus ní mór í a phriontáil i gcarachtair den dearadh grafach agus dath céanna leis an ainmniúchán, ar choinníoll nach bhfuil sé níos mór ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

— Ní féidir cineál Caladoc N, a bhfuil leas aige cabhrú le hoiriúnú don athrú aeráide, a luadh ar an lipéadú.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-388160e1-3c7f-41a8-987b-04c846cd7601